



Oifig an Stiúrthóra um  
Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director  
of Corporate Enforcement

---

**POLASÁÍ TCI**  
**na hOIFIGE an STIÚRTHÓRA**  
**um FHORFHEIDHMIÚ**  
**CORPARÁIDEACH**

---

Athbhreithnithe Deiridh: Meitheamh 2019

## **1. CÚLRA agus RIACHTANAS**

1.1 Tá ceamaraí tci ag OSFC ag pointí éagsúla timpeall imlíne an áitribh ag 16 Cearnóg Pharnell, agus an dá charrchlós i bPlás Rutland. Tá ceamaraí taobh istigh de na carrchlóis, agus taobh istigh den fhoirgneamh ag Fáiltiú Urlár na Talún agus ar na trí urlár atá i seilbh OSFC.

1.2 Tharla teagmhais san am atá thart, lena n-áirítear foghail, damáiste coiriúil, damáiste agus ionsaí de thaisme ar an athbhreithniú ar an gcóras TCI agus cuimsiú ceamaraí breise ag pointí straitéiseacha laistigh de na carrchlóis. Níor tháinig aon mhéadú ar líon na gceamaraí laistigh den fhoirgneamh, agus níor cuireadh aon cheamaraí riamh i gceantair phríobháideacha ar nós seomraí aonair ná i saoráidí leithris agus cithfholcadáin, ná níl ceamaraí sa cheaintín comhchoiteann.

1.3 Sular cuireadh tús leis an RGCS agus an tAcht um Chosaint Sonraí 2018, bhí an Oifig, mar rialaitheoir sonraí, cláraithe le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí. Ós rud é nach riachtanas dlíthiúil an clárúchán a thuilleadh, cuirtear an polasaí seo in ionad an chlárúcháin sin maidir le húsáid an scannáin TCI.

## **2. CUSPÓIRÍ, DLÍTHIÚ, agus SLÁNDÁIL SONRAÍ**

2.1 Is chun slándáil an fhoirgnimh agus a áititheoirí, slándáil an dá charrchlós agus a n-úsáideoirí, sláinte agus sábháilteacht áitritheoirí agus cuairteoirí san áitreabh, agus chun aon rochtain neamhúdaráithe ar áitreabh OSFC agus/nó ábhair a bhaineann le cásanna atá stóráilte san áitreabh a aimsiú atá na ceamaraí TCI.

2.2 Is é cuspóir tánaisteach ar féidir píosaí scannáin a úsáid ná cuidiú le himscrúduithe a dhéanamh ar chionta a tharlaíonn in nó in aice leis an áitreabh nó na carrchlóis. Is é an Garda Síochána a dhéanfaidh na himscrúduithe seo den chuid is mó. Sa chás go bhfuil neamhchinnteacht ann maidir le teagmhas den sórt sin a bheith ann, féadfar athbhreithniú a dhéanamh ar an bpíosa scannáin lena dhaingniú. Má fhaightear amach go ndearnadh cion, is féidir an scannán a chaomhnú chun cabhrú le himscrúdú Garda ina dhiaidh sin.

2.3 Ní bheartaítear píosaí scannáin a úsáid chun maoirseacht a dhéanamh ar bhaill foirne ná ar chuairoteoirí údaráithe agus ní dhéanfar rochtain orthu chun na gcríoch sin gan cead sainráite ó dhaoine ar bith a bhfuil tionchar orthu.

2.4 Déanann an Garda Slándála ar dualgas monatóireacht ar íomhánna beo ar mhaithe le slándáil an áitribh, áitritheoirí agus inneachar a chothabháil. Níl rochtain ag an nGarda Slándála ar thaifid.

2.5 Cosnaítear na híomhánna a gabhadh le TCI ó rochtain neamhdhleathach ag bacainní fisiciúla. Tá rochtain ar na taifeadtaí TCI teoranta d'fhoireann an Aonaid Seirbhísí Corparáideacha amháin. Ní féidir rochtain a fháil ar an seomra ina bhfuil na DVRanna a stóráil an píosa scannáin ach trí chárta gaireachta atá cumasaithe go speisialta. Tá cártaí den sórt sin teoranta d'fhoireann na Seirbhísí Corparáideacha amháin.

### 3. POLASÁÍ

3.1 Toisc gur dócha go n-áireoidh aghaidheanna aitheanta daoine aonair insna píosaí scannáin CTI, leagtar amach anseo conas mar a dhéileálann an OSFC le píosaí scannáin TCI.

3.1.1 D'fhéadfadh TCI íomhánna de dhaoine agus gach duine a théann isteach nó a théann in aice leis an áitreabh ag 16 Cearnóg Pharnell (aon cheann de 3 dhoras), ceachtar dá dhá charrchlós, nó ar a trí urlár laistigh den áitreabh a áireamh. D'fhéadfadh gnéithe aitheanta daoine aonair a bheith san áireamh sna híomhánna a taifeadadh chomh maith lena ngníomhartha. Tá raon na gceamaraí, áfach, sách cúng agus tá na ceamaraí suite os cionn airde an chinn; mar sin, d'fhéadfadh sé a bheith deacair uaireanta gnéithe aitheanta daoine a aithint.

3.1.2 Tá fógra a thaispeánann úsáid TCI i bhfeidhm ag gach bealach isteach chuig an áitreabh, gach bealach isteach i gcarrchlós, agus ag pointí laistigh den fhoirgneamh agus carrchlóis áit a bhfuil ceamaraí TCI i gceantar an cheantair. Tugann gach fógra le fios go ndéantar monatóireacht ar an TCI ar bhonn 24 uair agus tá an uimhir theileafóin teagmhála le feiceáil go soiléir.

3.1.3 De ghnáth, ní scaoilfear píosaí scannáin ach amháin de réir an dlí agus chun na gcríoch atá leagtha amach in 2.1. agus 2.2 thuas.

3.2.1 D'fhonn príobháideacht a chosaint, ní féidir ceamaraí a ghabháil ach an píosa scannáin a bheadh ag teastáil i gcás teagmhais mar an teagmhas atá leagtha amach i 1.2 thuas.

3.2.2 I gcás nach féidir uillinn cheamara a chúngú go leordhóthanach chun íomhánna inmheánacha ó fhoirgnimh in aice láimhe a sheachaint, déantar an chuid ábhartha den phíosa scannáin a chumhdach go huathoibríoch.

3.3.1 Mar a luadh thuas, ní úsáidfear píosaí scannáin TCI chun breathnú ar an bhfoireann. Ba chóir iarratais ó bhaill foirne a bhaineann le píosaí scannáin ina bhfuil a gcuid sonraí pearsanta (íomhá) a chur chuig an aonad Seirbhísí Corparáideacha trí chuntas ríomhphoist an Deasc Seirbhíse.

3.3.2 I measc na ndaoine nó na gcomhlachtaí eile a bhféadfar píosaí scannáin TCI a sholáthar dóibh tá:

- An Garda Síochána maidir le himscrúdú coiriúil - ar iarratas i scríbhinn
  - Féadfaidh an Garda Síochána an píosa scannáin a sholáthar don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí - más gá chun ionchúiseamh a dhéanamh
- An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát - mar fhianaise nuair a tharla teagmhas as ar tháinig díobháil nó damáiste a ndearnadh éileamh ina leith
- Is féidir píosaí scannáin a chaomhnú lena nochtadh do Chosantóirí agus/nó dá nIonadaithe do sholáthar níos déanaí dóibh i gcúinsí ina gceanglaítear nochtadh den sórt sin de réir dlí AMHÁIN..

3.3.3 Is féidir iarratais scríofa ó bhall den Gharda Síochána a sheoladh chuig [info@odce.ie](mailto:info@odce.ie)

3.3.4 Cé gur féidir iarratas ar rochtain ar ábhar sonraí a dhéanamh ar an nguthán, tá sé tábhachtach go gcosnófar gach sonra pearsanta ó nochtadh do dhaoine neamhúdairithe. Dá bhrí sin, molann an Oifig go ndéantar iarratais ar phíosa scannáin ina bhfuil sonraí pearsanta (íomhá) ball den phobail trí ríomhphost chuig [info@odce.ie](mailto:info@odce.ie) mar aon le cruthúnas céannachta.

3.3.5 I ngach cás ina ndéantar iarratas ar phíosaí scannáin, caithfear an suíomh cruinn agus dáta agus am an taifeadta ábhartha a sholáthar.

3.3.6 Is dócha go n-áireoidh píosaí scannáin sonraí pearsanta (íomhá) daoine aonair seachas an t-iarrthóir. I bhformhór na gcásanna, ní aithneoidh an Oifig céannacht na ndaoine eile sin, ionas nach mbeidh sé indéanta a gcead a fháil chun a n-íomhá a scaoileadh. I gcásanna den sórt sin, dá bhrí sin, beidh sé riachtanach íomhánna de pháirtithe eile a bheidh ar an bpíosa scannáin a phixelate nó a dhí-aithint, de réir mar is cuí, sula gcuirtear ar fáil don iarrthóir é.

#### **4. TRÉIMHSE CHOINNE**

4.1 Coinnítear píosaí scannáin TCI ar feadh tréimhse míosa agus tá sé ró-scríofa go huathoibríoch le píosaí scannáin nua. Uaireanta tarlaíonn an ró-scríobh in am níos lú ná mí amháin.

#### **5. ATHBHREITHNIÚ**

5.1 Is féidir an polasaí seo a athbhreithniú de réir mar is gá chun comhlíonadh le TGCS agus an tAcht um Chosaint Sonraí 2018 a fheabhsú, nó mar a mheasann an Oifig a bheith riachtanach.

Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach

Athbhreithnithe Deiridh: Meitheamh 2019